



---

*Uimhir 45 de 2013*

---

**AN tACHT UM THUAIRSCIÚ CREIDMHEASA, 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

**CLÁR AN ÁBHAIR**

**CUID 1**

**RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Rialacháin agus orduithe
4. Caiteachais

**CUID 2**

**AN PRÍOMH-CHLÁR CREIDMHEASA**

5. An Príomh-Chlár Creidmheasa
6. Faisnéis phearsanta
7. Faisnéis chreidmheasa
8. An tréimhse ar lena linn a fhéadfar faisnéis a choinneáil ar an gClár
9. Iarratas chun faisnéis a choinnítear ar an gClár a leasú
10. Fógra a thabhairt i dtaobh breith maidir le hiarratas ar leasú
11. Dualgas ar sholáthraí faisnéise creidmheasa faisnéis a sholáthar le haghaidh an Chláir
12. Dualgas chun faisnéis faoi chreidmheas coigríche a sholáthar
13. Ráiteas ina míneofar faisnéis
14. Dualgas chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ar an gClár
15. Cumhacht chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ar an gClár

16. Na críocha ar chucu a fhéadfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa faisnéis a úsáid
17. Rochtain ar an gClár: forlíontach
18. Fógraí maidir le pearsanú amhrasta
19. Cosaint sonraí

CUID 3

DUALGAIS SOLÁTHRAITHE FAISNÉISE CREIDMHEASA

20. Céannacht ábhar faisnéise creidmheasa a fhíorú
21. Cruinneas faisnéise creidmheasa a fhíorú
22. Pearsanú amhrasta a chur in iúl d'ábhar faisnéise creidmheasa
23. A chinntiú go bhfuil ábhair faisnéise creidmheasa ar an eolas maidir le cearta agus dualgais
24. Dualgas chun faisnéis a sholáthar a chur in iúl d'ábhair faisnéise creidmheasa

CUID 4

TOBHACH AGUS TÁILLÍ

25. Tobhach ar sholáthraithe faisnéise creidmheasa
26. Táillí

CUID 5

FORFHEIDHMIÚ

27. Forfheidhmiú
28. Forfheidhmiú: forlíontach
29. Cionta

CUID 6

ILGHNÉITHEACH

30. Cumhacht an Bhainc scóir chreidmheasa agus faisnéis a rinneadh anaithnid a tháirgeadh
31. Cuntasacht an Bhainc
32. Toirmeasc ar nochtadh neamhúdaraíthe faisnéise
33. Cionta a ionchúiseamh
34. Leasú ar alt 33AK d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942
35. Leasú ar alt 5 d'Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013

[2013.]

*An tAcht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013*

[*Uimh. 45.*]

NA hAchtanna dá dTagraítear

Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 (Uimh. 26)  
Acht an Bhainc Cheannais, 1942 (Uimh. 22)  
Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33)  
An tAcht um Chosaint Sonraí, 1988 (Uimh. 25)  
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003  
An tAcht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012 (Uimh. 39)  
An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)  
An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 (Uimh. 34)  
An tAcht Geallbhróicéirí, 1964 (Uimh. 31)  
An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)





---

*Uimhir 45 de 2013*

---

## **AN tACHT UM THUAIRISCIÚ CREIDMHEASA, 2013**

*[An tiontú oifigiúil]*

---

Acht do dhéanamh socrú maidir le príomhchlár creidmheasa a bhunú, a chothabháil agus a oibriú chun faisnéis a choinneáil maidir le hiarratais ar chreidmheas agus comhaontuithe creidmheasa agus páirtithe iontu; do dhéanamh socrú maidir leis an bhfaisnéis a bheidh le soláthar lena taifeadadh ar an gclár; do dhéanamh socrú maidir le rochtain ar an bhfaisnéis a choinnítear ar an gclár chun acmhainneacht creidmheasa a mheasúnú agus chun críoch eile; d'fhorchur dualgais ar pháirtithe i gcomhaontuithe creidmheasa; do leasú Acht an Bhainc Ceannais, 1942; agus Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013; agus do dhéanamh socrú maidir le nithe gaolmhara.

[23 Nollaig 2013]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### **CUID 1**

#### **RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA**

#### **Gearrtheideal agus tosach feidhme**

1. (1) Féadfar an tAcht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013 a ghairm den Acht seo.  
(2) Tíocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

#### **Léiriú**

2. (1) San Acht seo—

tá le “faisnéis a rinneadh anaithnid” an bhrí a thugtar le *halt 5(3)*;

ciallaíonn “Banc” Banc Ceannais na hÉireann;

ciallaíonn “treoir praghsanna do thomhaltóirí” an Treoir Praghsanna do Thomhaltóirí (Gach Ítim) arna foilsiú ag an bPríomh-Oifig Staidrimh nó aon treoir choibhéiseach arna foilsiú ó am go ham ag an Oifig sin;

folaíonn “creidmheas” iasacht, íocaíocht iarchurtha nó garaíocht airgeadais de chineál eile, seachas aon cheann arna sholáthar—

- (a) ag foras creidmheasa amháin d’fhoras creidmheasa eile,
- (b) d’aon eintiteas arna aicmiú faoi réim rialtas ginearálta i ndáil leis an Stát de réir na brí a thugtar leis an Acht um Fhreagracht Bhuiséadach, 2012, do rialtas aon tíre nó críche eile nó d’aon eagraíocht idirnáisiúnta,
- (c) ag cuideachta do ghnóthas gaolmhar de chuid na cuideachta,
- (d) ag duine nach soláthraíonn creidmheas ach amháin d’fhostaithe an duine,
- (e) i dtaca le fóntas nó seirbhís eile a sholáthar ar bhonn leanúnach,
- (f) chun ceannach earraí nó seirbhísí ón duine a sholáthraíonn an creidmheas a éascú, nó
- (g) gan aon cheanglas ús ná aon mhuirear eile a íoc (in aon imthosca);

ciallaíonn “comhaontú creidmheasa”, faoi réir *fho-alt (2)*, comhaontú arna dhéanamh idir soláthraí faisnéise creidmheasa agus duine eile chun creidmheas a sholáthar don duine eile;

ciallaíonn “iarratas ar chreidmheas”, faoi réir *fho-alt (2)*, iarratas arna dhéanamh chuig soláthraí faisnéise creidmheasa chun creidmheas a sholáthar agus arna chomhlánú de réir phróisís iarratais an tsoláthraí faisnéise creidmheasa;

tá le “faisnéis chreidmheasa” an bhrí a thugtar le *halt 7*;

ciallaíonn “soláthraí faisnéise creidmheasa”, faoi réir *fho-alt (3)*—

- (a) soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais,
- (b) GNBS,
- (c) údarás áitiúil, nó
- (d) aon duine nach dtagann faoi réim *mhíreanna (a) go (c)* a sholáthraíonn creidmheas, seachas—
  - (i) an Banc nó banc ceannais aon tíre nó críche seachas an Stát, nó
  - (ii) geallbhróicéir, de réir bhrí an Achta Geallbhróicéirí, 1964;

ciallaíonn “ábhar faisnéise creidmheasa”—

- (a) duine a bhfuil iarratas ar chreidmheas déanta aige nó aici,
- (b) duine a bhfuil comhaontú creidmheasa déanta aige nó aici chun creidmheas a sholáthar don duine, nó
- (c) duine is ráthóir;

ciallaíonn “foras creidmheasa” foras creidmheasa de réir bhrí Airteagal 4.1(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013<sup>1</sup> an 26 Meitheamh 2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le riachtanais stuamachta i gcomhair forais chreidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012;

ciallaíonn “scór creidmheasa”, i ndáil le hábhar faisnéise creidmheasa, luach uimhriúil nó alfa-uimhriúil arna shannadh don ábhar faisnéise creidmheasa, ar bhonn faisnéis ar an gClár a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa, chun an leibhéal priacail a léiriú go ndéanfaidh an t-ábhar faisnéise creidmheasa mainneachtain ar oibleagáidí airgeadais;

tá le “Gobharnóir” an bhrí a thugtar le halt 2(1) d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942;

ciallaíonn “ráthóir” duine a bheartaíonn ráthaíocht nó slánaíocht a thabhairt, nó duine a mbeidh ráthaíocht nó slánaíocht tugtha aige nó aici, i dtaca le comhaontú creidmheasa;

tá le “Ceannasaí Feidhme” an bhrí a thugtar le halt 2(1) d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942;

tá le “eagraíocht idirnáisiúnta” an bhrí a thugtar le halt 186B den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí a thugtar le halt 2(1) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “Aire” an tAire Airgeadais;

ciallaíonn “GNBS” an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní;

ciallaíonn “fógra” fógra arna thabhairt i scríbhinn (cibé acu go leictreonach nó ar shlí eile);

tá le “faisnéis phearsanta” an bhrí a thugtar le *halt 6*;

tá le “comhaontú cáilitheach creidmheasa” an bhrí a thugtar le *halt 11(5)*;

tá le “iarratas cáilitheach ar chreidmheas” an bhrí a thugtar le *halt 11(5)*;

ciallaíonn “Clár” an Príomh-Chlár Creidmheasa arna bhunú faoi *alt 5*;

tá le “soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais” an bhrí a thugtar le halt 2(1) d’Acht an Bhainc Cheannais, 1942;

ciallaíonn “gnóthas gaolmhar”, i ndáil le cuideachta—

(a) fochuideachta de chuid na cuideachta,

(b) cuideachta shealbhaíochta na cuideachta, nó

(c) fochuideachta—

(i) de chuid chuideachta shealbhaíochta na cuideachta, nó

(ii) de chuid fochuideachta de chuid na cuideachta sealbhaíochta sin,

agus, chun na críche sin, tá le “cuideachta shealbhaíochta” agus “fochuideachta” na bríonna a thugtar le halt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963;

<sup>1</sup>IO Uimh. L176, 27.6.2013, lch.1

tá le “iarratas iomchuí ar chreidmheas” an bhrí a thugtar le *halt 14(5)*.

- (2) Maidir le hiarratas ar chreidmheas nó comhaontú creidmheasa, ní iarratas ar chreidmheas ná comhaontú creidmheasa lena mbaineann an tAcht seo é mura rud é—
- (a) go bhfuil cónaí ar an iarratasóir ar sholáthar creidmheasa, nó ar an duine dá soláthraítear creidmheas faoin gcomhaontú creidmheasa, sa Stát an tráth a dhéanfar an t-iarratas ar chreidmheas nó an comhaontú creidmheasa, nó
- (b) gurbh é an dlí lena rialófaí aon chomhaontú creidmheasa arna dhéanamh de bhun an iarratais, nó gurbh é an dlí lena rialaítear an comhaontú creidmheasa, dlí an Stáit.
- (3) Faoi réir *fho-alt (4)*, i gcás go bhfuil cearta soláthraí faisnéise creidmheasa faighte ag duine faoi chomhaontú creidmheasa, is é nó í an duine sin, chun críocha an Achta seo, maidir leis na cearta a bheidh faighte, an soláthraí faisnéise creidmheasa i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa, seachas an duine a mbeidh a chearta nó a cearta faighte faoin gcomhaontú creidmheasa.
- (4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (3)* i ndáil le comhaontú creidmheasa i gcás go mbeidh aon seirbhís iomchuí á comhlíonadh ag foras rannpháirteach i leith cearta faoin gcomhaontú creidmheasa de bhun comhshocraíocht nó comhaontú faoi alt 131 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009.
- (5) I *bhfo-alt (4)*—

tá le “foras rannpháirteach” an bhrí a thugtar le *halt 4(1)* den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009;

tá le “seirbhís iomchuí” an bhrí a thugtar le *halt 128* den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009.

### Rialacháin agus orduithe

3. (1) Maidir le haon rialacháin arna ndéanamh ag an mBanc nó aon ordú arna dhéanamh ag an Aire faoin Acht seo, féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha nó iarmhartacha a bheith sna rialacháin nó san ordú sin is dealraitheach don Bhanc nó don Aire is gá nó is fóirsteanach chun críocha na rialachán nó an ordaithe.
- (2) Déanfar aon rialacháin nó ordú a dhéanfar faoin Acht seo, seachas ordú faoi *alt 1(2)*, a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a ndéanta nó a dhéanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin nó an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán nó an ordaithe, beidh na rialacháin nó an t-ordú ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin nó faoin ordú.



**Caiteachais**

4. Déanfar na caiteachais arna dtabhú ag an Aire ag riaradh an Achta seo, a mhéid a cheadóidh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a íoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.

## CUID 2

## AN PRÍOMH-CHLÁR CREIDMHEASA

**An Príomh-Chlár Creidmheasa**

5. (1) Déanfaidh an Banc bunachar sonraí faisnéise a bhunú, a chothabháil agus a oibriú ar a dtabharfar an Príomh-Chlár Creidmheasa (dá ngairtear an “Clár” san Acht seo).
- (2) Féadfaidh an Banc na nithe seo a leanas a choinneáil ar an gClár—
- (a) faisnéis phearsanta i ndáil le hábhar faisnéise creidmheasa,
- (b) faisnéis chreidmheasa a bhaineann le haon iarratas ar chreidmheas nó aon chomhaontú creidmheasa a dhéanfaidh ábhar faisnéise creidmheasa nó aon chomhaontú creidmheasa ar ráthóir an t-ábhar faisnéise creidmheasa i dtaca leis,
- (c) mionsonraí a dhéanann aon ábhar faisnéise creidmheasa, a bhfuil comhaontú creidmheasa chun creidmheas a sholáthar déanta aige nó aici, a nascadh le haon ábhar faisnéise creidmheasa eile a mbeidh ráthaíocht nó slánaíocht tugtha aige nó aici i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa nó a mbeidh dliteanais aige nó aici freisin faoin gcomhaontú creidmheasa, agus
- (d) scóir chreidmheasa agus anailísí eile a tháirgfídh an Banc i ndáil le hábhar faisnéise creidmheasa.
- (3) Folaíonn an fhaisnéis chreidmheasa a fhéadfaidh an Banc a choinneáil ar an gClár freisin tuarascálacha ginearálta, anailísí agus staidreamh a tháirgfídh an Banc agus nach féidir ábhair faisnéise creidmheasa a shainaithint uathu (dá ngairtear “faisnéis a rinneadh anaithnid” san Acht seo).

**Faisnéis phearsanta**

6. (1) I ndáil le hábhar faisnéise creidmheasa is pearsa aonair, is faisnéis phearsanta an méid seo a leanas—
- (a) túsainm agus sloinne na pearsan aonair agus aon seansloinnte (lena n-áirítear aon ainm bréige);
- (b) sloinne breithe mháthair na pearsan aonair;
- (c) dáta breithe agus áit bhreithe na pearsan aonair;
- (d) seoladh na pearsan aonair agus a sheoltaí nó a seoltaí roimhe sin;
- (e) uimhir theileafóin na pearsan aonair;

- (f) uimhir phearsanta seirbhíse poiblí na pearsan aonair (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005) agus aon uimhreacha tagartha eile arna leithroinnt ar an bpearsa aonair chun críocha cánach (cibé acu sa Stát nó in aon tír nó críoch eile);
- (g) stádas fostaíochta na pearsan aonair agus, más rud é go bhfuil sé nó sí ar fostú nó go bhfuil gníomhaíochtaí eile á seoladh aige nó aici, slí bheatha na pearsan aonair agus an earnáil den gheilleagar lena ngabhann slí bheatha na pearsan aonair.
- (2) I ndáil le hábhar faisnéise creidmheasa is pearsa aonair a bhfuil gníomhaíochtaí á seoladh aige nó aici ar shlí seachas mar fhostaí, is faisnéis phearsanta freisin an méid seo a leanas—
- (a) aon ainm trádála, cineál an eintitis trína ndéantar na gníomhaíochtaí a sheoladh agus aon uimhir chlárúcháin arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuig an ábhar faisnéise creidmheasa;
- (b) seoladh na háite (nó, i gcás go bhfuil níos mó ná áit amháin ann, seoladh na príomháite) ina ndéantar na gníomhaíochtaí a sheoladh;
- (c) uimhir theileafóin le haghaidh aon áit ina ndéantar na gníomhaíochtaí a sheoladh.
- (3) I ndáil le hábhar faisnéise creidmheasa nach pearsa aonair, is faisnéis phearsanta an méid seo a leanas—
- (a) ainm an ábhair faisnéise creidmheasa, cineál an eintitis atá ann agus aon uimhir chlárúcháin arna heisiúint ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chuige nó chuici;
- (b) seoladh na háite (nó, i gcás go bhfuil níos mó ná áit amháin ann, seoladh na príomháite) ina ndéantar gníomhaíochtaí an ábhair faisnéise creidmheasa a sheoladh agus (más cuideachta é nó í) seoladh oifig chláráithe an ábhair faisnéise creidmheasa;
- (c) uimhir theileafóin an ábhair faisnéise creidmheasa;
- (d) na huimhreacha tagartha go léir arna leithroinnt ar an ábhar faisnéise creidmheasa chun críocha cánach (cibé acu sa Stát nó in aon tír nó críoch eile);
- (e) an earnáil den gheilleagar ina ndéanann an t-ábhar faisnéise creidmheasa a ghníomhaíochtaí nó a gníomhaíochtaí a sheoladh.
- (4) Féadfaidh an Banc, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena sonrófar faisnéis bhreise a bheidh ina faisnéis phearsanta i ndáil le gach ábhar faisnéise creidmheasa nó i ndáil le haon aicme ábhar faisnéise creidmheasa.
- (5) Ní fhéadfar rialacháin faoi *fho-alt (4)* a dhéanamh mura measfaidh an Banc gur dóigh, má choinnítear ar an gClár an fhaisnéis phearsanta a shonrófar sna rialacháin, go n-éascófar na hábhair faisnéise creidmheasa a shainithint go cruinn.
- (6) Maidir le duine a úsáideann uimhir phearsanta seirbhíse poiblí, nó a fhéachfaidh le huimhir phearsanta seirbhíse poiblí a nochtadh, chun aon chríche a bhaineann leis

an Acht seo, ní bheidh cion déanta aige nó aici faoi alt 262(9) den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.

#### Faisnéis chreidmheasa

7. (1) Is faisnéis chreidmheasa an méid seo a leanas i ndáil le hiarratas ar chreidmheas nó comhaontú creidmheasa arna dhéanamh ag ábhar faisnéise creidmheasa nó comhaontú creidmheasa ar ráthóir an t-ábhar faisnéise creidmheasa i dtaca leis—
- (a) cineál agus téarma an chreidmheasa a mbeidh iarratas déanta ina leith nó a bheidh comhaontaithe (lena n-áirítear an méid nó an t-uasmhéid creidmheasa, an t-airgeadra ina mbeidh sé ainmnithe agus coinníollacha maidir le híocaíocht nó aisíocaíocht);
  - (b) cineál agus méid aon ráthaíochta nó slánaíochta, nó aon urrúis, a bheidh tugtha nó le tabhairt agus na mionsonraí i dtaobh aon luacháil ghaolmhar;
  - (c) an ráta nó na rátaí úis is iníoctha nó a bheidh iníoctha;
  - (d) aon uimhir chéannachta arna leithroinnt ag an soláthraí faisnéise creidmheasa ar an iarratas ar chreidmheas nó ar an gcomhaontú creidmheasa, nó ar an ábhar faisnéise creidmheasa;
  - (e) mionsonraí i dtaobh aon rátáil priacail arna déanamh i ndáil leis an gcreidmheas a mbeidh iarratas déanta ina leith nó a bheidh comhaontaithe;
  - (f) mionsonraí i dtaobh aon urrúsú ar an gcreidmheas arna chomhaontú.
- (2) Is faisnéis chreidmheasa freisin an méid seo a leanas i ndáil le comhaontú creidmheasa arna dhéanamh ag ábhar faisnéise creidmheasa nó comhaontú creidmheasa ar ráthóir ábhar faisnéise creidmheasa i dtaca leis—
- (a) aon athruithe ar chineál nó téarma an chreidmheasa a bheidh comhaontaithe nó ar aon ráthaíocht, slánaíocht nó urrús a bheidh tugtha i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa;
  - (b) aon togra nó aon chomhshocraíocht maidir le fiacha faoin gcomhaontú creidmheasa nó aon ráthaíocht nó slánaíocht a bheidh tugtha i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa;
  - (c) faisnéis eile a bhaineann le comhlíonadh oibleagáidí faoin gcomhaontú creidmheasa nó a bhaineann leis an gcomhaontú creidmheasa nó aon ráthaíocht nó slánaíocht a bheidh tugtha i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa.
- (3) Féadfaidh an Banc, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena sonrú faisnéis bhreise a bhaineann le hiarratais ar chreidmheas nó le comhaontuithe creidmheasa, nó le haon aicme iarratas ar chreidmheas nó comhaontuithe creidmheasa, a bheidh ina faisnéis chreidmheasa i ndáil le hiarratais ar chreidmheas nó le comhaontuithe creidmheasa nó leis an aicme sin d'iarratais ar chreidmheas nó de chomhaontuithe creidmheasa.
- (4) Ní fhéadfar rialacháin faoi *fho-alt (3)* a dhéanamh mura measfaidh an Banc gur dóigh, má choinnítear ar an gClár an fhaisnéis phearsanta a shonrófar sna rialacháin, go n-éascófar do sholáthraithe faisnéise creidmheasa breitheanna a thabhairt i

dtaobh an ndéanfar creidmheas a sholáthar nó i dtaobh na dtéarmaí ar a soláthrófar an creidmheas nó don Bhanc aon cheann dá fheidhmeanna a chomhlíonadh.

**An tréimhse ar lena linn a fhéadfar faisnéis a choinneáil ar an gClár**

8. (1) Féadfar faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa, lena ndéantar ábhar faisnéise creidmheasa a shainiú agus a choinnítear ar an gClár mar thoradh ar iarratas ar chreidmheas, a choinneáil ar an gClár ar feadh 6 mhí dar tosach an lá ar a ndéanfar í a thairneadh ar an gClár.
- (2) Féadfar faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa, lena ndéantar ábhar faisnéise creidmheasa a shainiú agus a choinnítear ar an gClár mar thoradh ar chomhaontú creidmheasa, a choinneáil ar an gClár—
- (a) i gcás faisnéis chreidmheasa lena mbaineann *alt 7(2)(b)*, go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana dar tosach an lá ar a ndéanfar an togra a tharraingt siar nó an chomhshocraíocht a fhoirceannadh,
- (b) i gcás faisnéis chreidmheasa lena mbaineann *alt 5(2)(d)* nó *7(2)(c)*, go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana dar tosach an lá ar a ndéanfar í a thairneadh ar an gClár,
- (c) i gcás aon fhaisnéis chreidmheasa eile, go dtí deireadh na tréimhse 5 bliana dar tosach an chéad lá ar a mbeidh na dliteanais go léir faoin gcomhaontú creidmheasa lena mbaineann sí urscaoilte, agus
- (d) i gcás faisnéis phearsanta, fad a fhéadfar aon fhaisnéis chreidmheasa a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa a choinneáil ar an gClár.
- (3) Féadfar faisnéis a rinneadh anaithnid a choinneáil ar an gClár gan teorainn ama.

**Iarratas chun faisnéis a choinnítear ar an gClár a leasú**

9. (1) I gcás go bhfaighidh an Banc iarratas ó sholáthraí faisnéise creidmheasa nó ó ábhar faisnéise creidmheasa chun faisnéis a choinnítear ar an gClár a leasú ar an bhforas go bhfuil sí míchruinn nó neamhiomlán nó nach bhfuil sí cothrom le dáta—
- (a) déanfaidh an Banc na bearta sin go léir, lena n-áirítear fógra a thabhairt á cheangal ar aon soláthraí faisnéise creidmheasa nó ábhar faisnéise creidmheasa faisnéis a sholáthar, a bheidh réasúnach chun a chumasú don Bhanc breith a thabhairt i dtaobh an leasófar an fhaisnéis, agus
- (b) i gcás go dtabharfaidh an Banc breith gur chóir an fhaisnéis a leasú, déanfaidh sé amhlaidh.
- (2) Beidh iarratas faoi *fho-alt (1)* i scríbhinn agus beidh faisnéis a thacóidh leis an iarratas ag gabháil leis.
- (3) I gcás go gceanglaíonn an Banc ar sholáthraí faisnéise creidmheasa nó ar ábhar faisnéise creidmheasa faisnéis a sholáthar faoi *fho-alt (1)(a)*, comhlíonfar an ceanglas laistigh de 15 lá ón dáta ar a bhfaighfear an fógra.
- (4) Más rud é go ndéanfaidh ábhar faisnéise creidmheasa iarratas faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an Banc, mura mbeidh breith tugtha ar an iarratas nó mura mbeidh an

t-iarratas tarraingthe siar cheana féin, fógra a thabhairt don ábhar faisnéise creidmheasa á rá go ndéanfaidh an Banc, tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis an dáta ar a bhfaighfear an t-iarratas, fógra a thabhairt don ábhar faisnéise creidmheasa—

- (a) maidir leis an mbreith a bheidh tugtha ar an iarratas, nó
  - (b) go mbeidh go dtí cibé dáta a bheidh sonraithe san fhógra, tráth nach faide ná 40 lá tar éis an dáta ar a bhfaighfear an t-iarratas, ag teastáil ón mBanc chun breith a thabhairt ar an iarratas.
- (5) Más rud é go ndéanfaidh ábhar faisnéise creidmheasa iarratas faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an Banc, mura mbeidh breith tugtha ar an iarratas nó mura mbeidh an t-iarratas tarraingthe siar cheana féin, breith a thabhairt ar an iarratas tráth nach déanaí ná 20 lá tar éis an dáta ar a bhfaighfear an t-iarratas nó, más rud é go dtabharfaidh an Banc fógra faoi *fho-alt (4)(b)*, tráth nach déanaí ná an dáta a shonrófar san fhógra.
- (6) Más rud é go dtabharfaidh an Banc fógra d'ábhar faisnéise creidmheasa faoi *fho-alt (4)(b)*, luafar san fhógra na cúiseanna nárbh fhéidir breith a thabhairt go fóill.
- (7) I gcás go ndéanfar iarratas chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann le hábhar faisnéise creidmheasa, tráth a mbeidh iarratas chun an fhaisnéis a leasú déanta ach nach mbeidh breith tugtha air—
- (a) diúltóidh an Banc rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis go dtí go mbeidh breith tugtha ar an iarratas chun an fhaisnéis a leasú, nó
  - (b) cuirfidh an Banc in iúl don duine a mbeidh an t-iarratas chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis déanta aige nó aici go bhfuil iarratas chun an fhaisnéis a leasú déanta ach nach bhfuil breith tugtha air.

#### Fógra a thabhairt i dtaobh breith maidir le hiarratas ar leasú

10. (1) Más rud é go dtabharfaidh an Banc breith faisnéis a choinnítear ar an gClár a leasú de dhroim iarratas faoi *alt 9(1)*, tabharfaidh an Banc fógra i dtaobh na breithe mar aon le cóip den fhaisnéis arna leasú—
- (a) don ábhar faisnéise creidmheasa lena mbaineann an fhaisnéis,
  - (b) más rud é gur soláthraí faisnéise creidmheasa a rinne an t-iarratas, don soláthraí faisnéise creidmheasa sin,
  - (c) más rud é go mbaineann an fhaisnéis le comhaontú creidmheasa nach mbeidh deireadh tagtha lena théarma, d'aon duine is páirtí sa chomhaontú creidmheasa, agus
  - (d) d'aon soláthraí faisnéise creidmheasa a mbeidh, ón dáta iomchuí, iarratas déanta aige nó aici chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le hábhar faisnéise creidmheasa agus a choinnítear ar an gClár.
- (2) I *bhfo-alt (1)(d)*, ciallaíonn “dáta iomchuí” an dáta atá 12 mhí roimh an dáta a fuarthas an t-iarratas nó (más déanaí é) an dáta a coinníodh faisnéis a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa ar an gClár den chéad uair.

- (3) Más rud é go dtabharfaidh an Banc breith gan faisnéis a choinnítear ar an gClár a leasú de dhroim iarratas faoi *alt 9(1)*, cuirfidh an Banc an bhreith in iúl don iarratasóir agus, i gcás iarratas ó ábhar faisnéise creidmheasa, déanfaidh sé, má iarrann an t-ábhar faisnéise creidmheasa air déanamh amhlaidh, ráiteas maidir leis an leasú a iarradh a thairgeadh ar an gClár (taobh leis an bhfaisnéis).

**Dualgas ar sholáthraí faisnéise creidmheasa faisnéis a sholáthar le haghaidh an Chláir**

**11. (1) Soláthróidh soláthraí faisnéise creidmheasa na nithe seo a leanas don Bhanc—**

- (a) cibé faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa a bhaineann le haon iarratas cáilitheach ar chreidmheas arna dhéanamh chuig an soláthraí faisnéise creidmheasa, agus a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa a mbeidh aon iarratas den sórt sin déanta aige nó aici, a cheanglaítear a sholáthar le rialacháin faoi *fho-alt (2)*, agus
- (b) cibé faisnéis phearsanta agus faisnéis chreidmheasa a bhaineann le haon chomhaontú cáilitheach creidmheasa arna dhéanamh ag an soláthraí faisnéise creidmheasa, agus a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa a mbeidh an comhaontú cáilitheach creidmheasa déanta leis nó léi nó aon ábhar faisnéise creidmheasa is ráthóir i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa, a cheanglaítear amhlaidh.
- (2) Déanfaidh an Banc, le toiliú an Aire, rialacháin lena sonrú—
- (a) an fhaisnéis a bheidh le soláthar don Bhanc faoi *fho-alt (1)*,
- (b) an fhoirm ina mbeidh, agus cathain a bheidh, an fhaisnéis sin le soláthar amhlaidh, agus
- (c) ceanglais maidir le fíorú a mbeidh le déanamh dá réir nó a bheidh le comhlíonadh i dtaca leis an bhfaisnéis sin.
- (3) Féadfar foráil éagsúil a dhéanamh le rialacháin faoi *fho-alt (2)* i ndáil le haicmí éagsúla díobh seo a leanas—
- (a) iarratais cháilitheacha ar chreidmheas,
- (b) comhaontuithe cáilitheacha creidmheasa,
- (c) soláthraithe faisnéise creidmheasa, agus
- (d) ábhair faisnéise creidmheasa.
- (4) Féadfaidh an Banc faisnéis arna sholáthar faoin alt seo a áireamh ar an gClár.
- (5) Maidir le hiarratas ar chreidmheas nó comhaontú creidmheasa, is iarratas cáilitheach ar chreidmheas nó comhaontú cáilitheach creidmheasa é chun críocha an Achta seo más rud é gurbh ionann méid an chreidmheasa a ndéanfar iarratas ina leith nó a chomhaontófar a sholáthar agus an méid dá bhforáiltear le *fo-alt (6)* ar a laghad.
- (6) Is ionann an méid dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*—
- (a) agus cibé méid a bheidh sonraithe de thuras na huaire le hordú faoi *fho-alt (7)*, nó

- (b) agus €500, i gcás nach mbeidh méid ar bith sonraithe amhlaidh de thuras na huair.
- (7) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, an méid dá bhforáiltear de thuras na huair le *fo-alt (6)* a athbhreithniú agus féadfaidh sé nó sí, le hordú, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc agus ag féachaint d'athruithe ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí, do na himpleachtaí le haghaidh oibriú éifeachtach agus éifeachtúil an Chláir agus don éifeacht ar sholáthraithe faisnéise creidmheasa agus ar ábhair faisnéise creidmheasa, méid éagsúil a shonrú in ionad an mhéid sin.
- (8) Féadfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (7)* a chúlghairm gan méid eile a shonrú (agus sa chás sin is é an méid a shonraítear i *mír (b) d'fho-alt (6)* an méid dá bhforáiltear leis an bhfo-alt sin).

#### Dualgas chun faisnéis faoi chreidmheas coigríche a sholáthar

12. (1) Maidir le hábhar faisnéise creidmheasa a dhéanfaidh iarratas ar chreidmheas chuig soláthraí faisnéise creidmheasa, tabharfaidh sé nó sí, ar an iarratas a dhéanamh, fógra don soláthraí faisnéise creidmheasa má bhíonn fiach comhiomlán is mó ná €5,000 gan íoc ag an ábhar faisnéise creidmheasa faoi chomhaontuithe ar chomhaontuithe creidmheasa iad murach *alt 2(2)*.
- (2) Féadfaidh an Banc, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena sonrófar—
- (a) an fhaisnéis a bheidh le soláthar i bhfógra faoi *fho-alt (1)*, agus
- (b) an fhoirm ina mbeidh, agus cathain a bheidh, an fhaisnéis sin le soláthar amhlaidh.
- (3) Déanfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa a gheobhaidh fógra faoi *fho-alt (1)* an fhaisnéis a bheidh san fhógra a sholáthar don Bhanc mar aon le ráiteas gur soláthraíodh an fhaisnéis i gcomhlíonadh fógra den sórt sin.
- (4) Féadfaidh an Banc faisnéis agus ráitis a gheobhaidh an Banc faoi *fho-alt (3)* a áireamh ar an gClár.
- (5) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, an méid a shonrófar de thuras na huair i *bhfo-alt (1)* a athbhreithniú agus féadfaidh sé nó sí, le hordú, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc agus ag féachaint d'athruithe ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí, do na himpleachtaí le haghaidh oibriú éifeachtach agus éifeachtúil an Chláir agus don éifeacht ar sholáthraithe faisnéise creidmheasa agus ar ábhair faisnéise creidmheasa, méid éagsúil a shonrú in ionad an mhéid sin.
- (6) Féadfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (5)* a chúlghairm gan méid eile a shonrú (agus sa chás sin is €5,000 an méid a shonraítear i *bhfo-alt (1)*).

#### Ráiteas ina míneofar faisnéis

13. (1) Féadfaidh ábhar faisnéise creidmheasa, trí fhógra a thabhairt don Bhanc, ráiteas nach mó ná 200 focal a thabhairt maidir le haon fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa.
- (2) Déanfaidh an Banc aon ráiteas a dhéanfar faoi *fho-alt (1)* a áireamh ar an gClár.

**Dualgas chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ar an gClár**

- 14.** (1) Déanfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa iarratas chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann le duine a mbeidh iarratas iomchuí ar chreidmheas déanta aige nó aici chuig an soláthraí faisnéise creidmheasa.
- (2) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt (1)* más rud é go mbeidh iarratas déanta ag an soláthraí faisnéise creidmheasa chun rochtain a fháil ar an bhfaisnéis tráth nach mó ná 7 lá sula ndéanfar an t-iarratas iomchuí ar chreidmheas.
- (3) Comhlíonfar *fo-alt (1)* tráth nach déanaí ná an dáta ar a dtabharfar breith i dtaobh an soláthrófar creidmheas mar fhreagra ar an iarratas iomchuí ar chreidmheas.
- (4) Ní fhéadfaidh an soláthraí faisnéise creidmheasa faisnéis a mbeidh rochtain faighte uirthi mar thoradh ar iarratas faoi *fho-alt (1)* a úsáid ach amháin chun críche a shonraítear in *alt 16*.
- (5) Maidir le hiarratas ar chreidmheas, is iarratas iomchuí ar chreidmheas chun críocha an Achta seo a bheidh ann más rud é gurb ionann méid na hiasachta nó na saoráide a ndéanfar iarratas ina leith agus an méid dá bhforáiltear le *fo-alt (6)* ar a laghad.
- (6) Is ionann an méid dá dtagraítear i *bhfo-alt (5)*—
- (a) agus cibé méid a bheidh sonraithe de thuras na huair le hordú faoi *fho-alt (7)*, nó
- (b) agus €2,000, i gcás nach mbeidh méid ar bith sonraithe amhlaidh de thuras na huair.
- (7) Féadfaidh an tAire, ó am go ham, an méid dá bhforáiltear de thuras na huair le *fo-alt (6)* a athbhreithniú agus féadfaidh sé nó sí, le hordú, tar éis dul i gcomhairle leis an mBanc agus ag féachaint d'athruithe ar an treoir praghsanna do thomhaltóirí, do na himpleachtaí le haghaidh oibriú éifeachtach agus éifeachtúil an Chláir agus don éifeacht ar sholáthraithe faisnéise creidmheasa agus ar ábhair faisnéise creidmheasa, méid éagsúil a shonrú in ionad an mhéid sin.
- (8) Féadfaidh an tAire ordú faoi *fho-alt (7)* a chúlghairm gan méid eile a shonrú (agus sa chás sin is é an méid a shonraítear i *mír (b) d'fho-alt (6)* an méid dá bhforáiltear leis an bhfo-alt sin).

**Cumhacht chun rochtain a fháil ar fhaisnéis ar an gClár**

- 15.** (1) Féadfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann le duine—
- (a) a mbeidh iarratas ar chreidmheas déanta aige nó aici chuig an soláthraí faisnéise creidmheasa nach iarratas iomchuí ar chreidmheas, nó
- (b) a bheartaíonn ráthaíocht nó slánaíocht a thabhairt i dtaca le hiarratas ar chreidmheas arna dhéanamh chuig an soláthraí faisnéise creidmheasa.
- (2) Féadfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar aon fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann le duine is ábhar faisnéise creidmheasa i ndáil le comhaontú creidmheasa arna dhéanamh leis an



soláthraí faisnéise creidmheasa más rud é, maidir leis an duine sin, nó le haon duine eile is ábhar faisnéise creidmheasa i ndáil leis an gcomhaontú creidmheasa—

- (a) go mbeidh iarrtha aige nó aici ar an soláthraí faisnéise creidmheasa cineál nó téarma an chomhaontaithe creidmheasa, nó ráthaíocht nó slánaíocht a bheidh tugtha i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa, a athrú nó go mbeidh iarrtha aige nó aici ar aon soláthraí faisnéise creidmheasa eile cineál nó téarma aon chomhaontaithe creidmheasa eile, nó ráthaíocht nó slánaíocht eile a bheidh tugtha i dtaca le haon chomhaontú creidmheasa eile, a athrú, nó
  - (b) gur mhainnigh sé nó sí aon oibleagáid faoin gcomhaontú creidmheasa nó faoi aon chomhaontú creidmheasa eile arna dhéanamh le haon soláthraí faisnéise creidmheasa eile nó ráthaíocht nó slánaíocht a bheidh tugtha i dtaca leis an gcomhaontú creidmheasa nó le haon chomhaontú creidmheasa eile den sórt sin a chomhlíonadh agus nach ndearnadh an mhainneachtain sin a cheartú.
- (3) Féadfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar aon fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann leis na comhaontuithe creidmheasa arna ndéanamh ag an soláthraí faisnéise creidmheasa.
  - (4) Ní fhéadfaidh an soláthraí faisnéise creidmheasa faisnéis a mbeidh rochtain faighte uirthi mar thoradh ar iarratas faoi *fho-alt (1), (2) nó (3)* a úsáid ach amháin chun críche a shonraítear in *alt 16*.
  - (5) Féadfaidh ábhar faisnéise creidmheasa iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa.
  - (6) Féadfaidh aon duine iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann le hábhar faisnéise creidmheasa, le toiliú an ábhair faisnéise creidmheasa.
  - (7) Féadfaidh an Banc aon fhaisnéis a choinnítear ar an gClár a úsáid i gcomhlíonadh aon cheann dá fheidhmeanna.

**Na críocha ar chucu a fhéadfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa faisnéis a úsáid**

**16.** Is iad seo a leanas na críocha dá dtagraítear in *ailt 14(4)* agus *15(4)*—

- (a) faisnéis a sholáthraítear in iarratas ar chreidmheas nó i dtaca le hiarratas ar chreidmheas a fhíorú;
- (b) meastóireacht a dhéanamh ar aon phriacal a eascraíonn as creidmheas a thabhairt d'ábhar faisnéise creidmheasa nó a shíneadh chuige nó chuici, nó as ráthaíocht nó slánaíocht a fháil uaidh nó uaithe;
- (c) meastóireacht a dhéanamh ar aon phriacal a eascraíonn as aon athruithe ar chineál nó ar théarma comhaontaithe creidmheasa, nó ar ráthaíocht nó ar shlánaíocht a bheidh tugtha i dtaca le comhaontú creidmheasa;
- (d) faireachán a dhéanamh ar aon mhainneachtain aon oibleagáid faoi chomhaontú creidmheasa nó ráthaíocht nó slánaíocht a bheidh tugtha i dtaca le comhaontú creidmheasa a chomhlíonadh nach ndearnadh í a cheartú;

- (e) meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar aon togra nó aon chomhshocraíocht maidir le fiacha ábhair faisnéise creidmheasa in imthosca ina mbeidh iarraidh déanta ag ábhar faisnéise creidmheasa go ndéanfaí meastóireacht den sórt sin;
- (f) anailís a dhéanamh ar chineál phunann comhaontuithe creidmheasa an tsoláthraí faisnéise creidmheasa.

**Rochtain ar an gClár: forlíontach**

17. (1) Déanfaidh an Banc, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus le toiliú an Aire, rialacháin lena ndéanfar foráil maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) iarratais chun rochtain a fháil ar fhaisnéis faoi *alt 14* nó *15*,
  - (b) an fhaisnéis a gceanglófar ar an mBanc rochtain a thabhairt uirthi mar fhreagra ar iarratais den sórt sin,
  - (c) cathain a bheidh rochtain ar an bhfaisnéis le tabhairt, agus
  - (d) an modh ar a mbeidh rochtain ar an bhfaisnéis le tabhairt.
- (2) Féadfar foráil éagsúil a dhéanamh le rialacháin faoi *fho-alt (1)* i ndáil leo seo a leanas—
- (a) aicmí éagsúla daoine is iarratasóirí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár, nó
  - (b) tuairiscí éagsúla d'fhaisnéis a choinnítear amhlaidh.
- (3) Coimeádfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa, ar feadh 5 bliana, taifead de gach ócáid ar a mbeidh rochtain tugtha don soláthraí faisnéise creidmheasa ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár faoi *alt 14* nó *15*.
- (4) Déanfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa, má iarrann an Banc air nó uirthi déanamh amhlaidh, faisnéis a sholáthar don Bhanc faoi aon ócáid ar a mbeidh rochtain tugtha don soláthraí faisnéise creidmheasa ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár mar fhreagra ar iarratas faoi *alt 14* nó *15*.
- (5) Coimeádfaidh an Banc, ar feadh 5 bliana, taifead ar gach ócáid ar a mbeidh rochtain tugtha ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár mar fhreagra ar iarratas faoi *alt 14* nó *15*.
- (6) Féadfaidh ábhar faisnéise creidmheasa, trí fhógra a thabhairt don Bhanc, a cheangal ar an mBanc taifead ar nithe seo a leanas a sholáthar—
- (a) gach ócáid ar a mbeidh rochtain tugtha ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa mar fhreagra ar iarratais arna ndéanamh faoi *alt 14* nó *15* laistigh den tréimhse 5 bliana dar críoch an lá ar a dtabharfar an fógra,
  - (b) céannacht na ndaoine a rinne na hiarratais, agus
  - (c) na dátaí a rinneadh iad.

**Fógraí maidir le pearsanú amhrasta**

18. (1) I gcás go dtabharfaidh ábhar faisnéise creidmheasa fógra don Bhanc á rá go gcreideann an t-ábhar faisnéise creidmheasa le réasún go bhféadfadh sé go raibh nó go bhfuil pearsanú á dhéanamh ag aon duine, nó go bhfuil aon duine ar tí pearsanú a dhéanamh, ar an ábhar faisnéise creidmheasa, déanfaidh an Banc fógra maidir le pearsanú amhrasta a thaifeadadh ar an gClár a luaithe is indéanta le réasún agus (in aon chás) laistigh de 48 n-uaire an chloig tar éis an fógra a fháil.
- (2) Déanfaidh an Banc an fógra maidir le pearsanú amhrasta a bhaint má thugann an t-ábhar faisnéise creidmheasa fógra dó á cheangal air déanamh amhlaidh.
- (3) Faoi réir *fho-alt (2)*, déanfaidh an Banc an fógra maidir le pearsanú amhrasta a bhaint ag deireadh na tréimhse 90 lá dar tosach an lá ar a ndéanfar é a thaifeadadh ar an gClár mura dtabharfaidh an t-ábhar faisnéise creidmheasa fógra roimh dheireadh na tréimhse sin á cheangal ar an mBanc é a choimeád.
- (4) I gcás go dtabharfar fógra faoi *fho-alt (3)*, déanfaidh an Banc, faoi réir *fho-alt (2)*, an fógra maidir le pearsanú amhrasta a choimeád don tréimhse a shonrófar san fhógra faoi *fho-alt (3)* nó (más giorra ná sin í) don tréimhse 90 lá dar tosach an lá ar a ndéanfaí é a bhaint thairis sin faoi *fho-alt (3)*.
- (5) I gcás go mbeidh fógra maidir le pearsanú amhrasta ar ábhar faisnéise creidmheasa taifeadta ar an gClár, tabharfaidh an Banc fógra don ábhar faisnéise creidmheasa a luaithe is indéanta le réasún agus (in aon chás) laistigh de 48 n-uaire an chloig más rud é—
- (a) go ndéanfar iarratas chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann leis an ábhar faisnéise creidmheasa, nó
- (b) go soláthrófar faisnéis don Bhanc de dhroim iarratas ar chreidmheas nó comhaontú creidmheasa arna dhéanamh ag an ábhar faisnéise creidmheasa.
- (6) I gcás go dtabharfaidh an Banc rochtain ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann le hábhar faisnéise creidmheasa d'aon duine tráth a bheidh fógra maidir le pearsanú amhrasta ar an ábhar faisnéise creidmheasa á choinneáil ar an gClár, díreoidh an Banc aird an duine ar an bhfógra.

**Cosaint sonraí**

19. (1) Ní dhéanfaidh aon ní san Acht seo oibriú na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 a theorannú.
- (2) Beidh éifeacht le hailt 2, 4 agus 6 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988 amhail is dá mba rud é—
- (a) gur fholaigh tagairtí do sonraí pearsanta sonraí creidmheasa iomchuí, agus
- (b) gur phearsa aonair bheo duine lena mbaineann an t-alt seo,
- agus beidh feidhm ag ailt 9, 10, 12 agus 24 go 31 den Acht sin dá réir sin.
- (3) I *bhfo-alt (2)*, ciallaíonn “sonraí creidmheasa iomchuí” faisnéis a choinnítear ar an gClár agus a bhaineann le duine lena mbaineann an t-alt seo agus, dá mba fhaisnéis

í a bhain le pearsa aonair bheo, ar shonraí pearsanta a bheadh inti chun críocha na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003.

- (4) Tá feidhm ag an alt seo maidir le haon duine nach mó ná €3,000,000 a láimhdeachas bliantúil (agus nach mbeadh feidhm ag ailt 2, 4 agus 6 den Acht um Chosaint Sonraí, 1988, ar leith ón alt seo, maidir leis nó léi).
- (5) Féadfaidh an Banc, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena sonrófar, chun críocha *fho-alt (4)*, conas a bheidh, agus an bhliain ar faoina treoir a bheidh, an láimhdeachas bliantúil le ríomh.
- (6) Tabharfaidh an Banc fógra don Choimisinéir Cosanta Sonraí maidir le haon fhadhbanna sistéamacha arna sainaitheint ag an mBanc i ndáil le faisnéis a choinnítear ar an gClár a fháil, a choimeád, a phróiseáil nó a úsáid.
- (7) Déanfaidh an Banc cibé beart (ar a bhféadfar beart i gcomhar leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a áireamh) is dealraitheach don Bhanc a bheith cuí chun deireadh a chur le haon fhadhbanna sistéamacha den sórt sin nó iad a íoslaghdú.

### CUID 3

#### DUALGAIS SOLÁTHRAITHE FAISNÉISE CREIDMHEASA

##### Céannacht ábhar faisnéise creidmheasa a fhíorú

- 20.** (1) Déanfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa cibé bearta a fhorordófar le rialacháin faoi *fho-alt (2)* chun céannacht ábhair faisnéise creidmheasa a fhíorú—
- (a) a dhéanann iarratais ar chreidmheas chuig an soláthraí faisnéise creidmheasa, nó a dhéanann comhaontuithe creidmheasa leis nó léi, nó
  - (b) a bheartaíonn ráthaíocht nó slánaíocht a thabhairt, nó a thugann ráthaíocht nó slánaíocht, i dtaca le comhaontú creidmheasa leis an soláthraí faisnéise creidmheasa.
- (2) Déanfaidh an Banc, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus le toiliú an Aire, rialacháin lena bhforordófar cibé bearta is dealraitheach don Bhanc a bheith réasúnach a dhéanamh chun a cheangal ar sholáthraí faisnéise creidmheasa céannacht ábhar faisnéise creidmheasa dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* a fhíorú.
- (3) Féadfar foráil éagsúil a dhéanamh le rialacháin faoi *fho-alt (2)* i ndáil leo seo a leanas—
- (a) aicmí éagsúla soláthraithe faisnéise creidmheasa, nó
  - (b) aicmí éagsúla ábhar faisnéise creidmheasa.

##### Cruinneas faisnéise creidmheasa a fhíorú

- 21.** Déanfaidh soláthraí faisnéise creidmheasa bearta réasúnacha chun a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis a gheobhaidh an soláthraí faisnéise creidmheasa ó ábhair faisnéise creidmheasa cruinn agus iomlán.

**Pearsanú amhrasta a chur in iúl d'ábhar faisnéise creidmheasa**

22. (1) Má chreideann soláthraí faisnéise creidmheasa le réasún go ndearna aon duine, nó go bhféadfadh go ndearna aon duine, pearsanú ar ábhar faisnéise creidmheasa, tabharfaidh an soláthraí faisnéise creidmheasa fógra á rá go gcreideann sé nó sí amhlaidh don ábhar faisnéise creidmheasa.
- (2) Tabharfar an fógra a luaithe is indéanta le réasún agus (in aon chás) tráth nach déanaí ná 24 huairé an chloig tar éis don soláthraí faisnéise creidmheasa a chreidiúint den chéad uair go raibh, nó go bhféadfadh sé go raibh, pearsanú déanta ar an ábhar faisnéise creidmheasa.

**A chinntiú go bhfuil ábhair faisnéise creidmheasa ar an eolas maidir le cearta agus dualgais**

23. Cinnteoidh soláthraí faisnéise creidmheasa go ndéanfar ábhair faisnéise creidmheasa—
- (a) a dhéanann iarratais ar chreidmheas chuig an soláthraí faisnéise creidmheasa, nó a dhéanann comhaontuithe creidmheasa leis nó léi, nó
- (b) a bheartaíonn ráthaíocht nó slánaíocht a thabhairt, nó a thugann ráthaíocht nó slánaíocht, i dtaca le comhaontú creidmheasa leis an soláthraí faisnéise creidmheasa,

a chur ar an eolas maidir lena gcearta agus lena ndualgais faoin Acht seo.

**Dualgas chun faisnéis a sholáthar a chur in iúl d'ábhair faisnéise creidmheasa**

24. (1) Cuirfidh soláthraí faisnéise creidmheasa ar áireamh ar a fhoirmeacha nó ar a foirmeacha chun iarratais cháilitheacha ar chreidmheas a dhéanamh fógra á rá go gceanglaítear leis an Acht seo faisnéis a sholáthar don Bhanc a bhaineann le hiarratais cháilitheacha ar chreidmheas agus le comhaontuithe cáilitheacha creidmheasa lena taifeadadh ar an gClár.
- (2) Féadfaidh an Banc, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena sonrú ábhar agus foirm na bhfógraí a cheanglaítear le *fo-alt (1)*.

## CUID 4

## TOBHACH AGUS TÁILLÍ

**Tobhach ar sholáthraithe faisnéise creidmheasa**

25. (1) Féadfaidh an Banc, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar tobhach a bheidh le hóc ag soláthraithe faisnéise creidmheasa d'fhonn caiteachais a íoc a thabhoídh an Banc go cuí le linn a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh (agus nach mbeidh íoctha ar shlí eile).
- (2) Féadfar, go háirithe, foráil a dhéanamh le rialacháin faoi *fo-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) méid an tobhaigh, nó na modhanna ar a ríomhfar méid an tobhaigh;
- (b) an tréimhse ar lena linn a bheidh, nó na dátaí faoina mbeidh, an tobhach le hóc;

- (c) pionóis is iníoctha ag soláthraí faisnéise creidmheasa nach n-íocann an tobhach in am;
  - (d) soláthraithe faisnéise creidmheasa do choimeád taifead agus do thabhairt tuairisceáin don Bhanc i ndáil leis an tobhach;
  - (e) an tobhach a íoc, a bhailiú agus a ghnóthú;
  - (f) aisíocaíochtaí ar an tobhach.
- (3) Féadfar foráil éagsúil a dhéanamh le rialacháin faoi *fho-alt (1)* i ndáil le haicmí éagsúla soláthraithe faisnéise creidmheasa.
- (4) Féadfaidh an Banc comhshocraíochtaí a dhéanamh le haon duine i ndáil leis an tobhach a bhailiú; agus beidh méid aon tobhaigh is iníoctha inghnóthaithe, mar fhiach conartha shimplí trí imeachtaí i gcúirt dlínse inniúla, ag an mBanc nó ag aon duine a mbeidh comhshocraíochtaí den sórt sin déanta ag an mBanc leis nó léi.
- (5) San alt seo, ní fholáíonn “tobhach” táille.

#### Táillí

26. (1) Féadfaidh an Banc, le toiliú an Aire, rialacháin a dhéanamh lena bhforordófar táillí a bheidh le híoc chun rochtain a fháil ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár nó chun taifead ar ócáidí ar ar tugadh rochtain ar fhaisnéis a choinnítear ar an gClár a sholáthar.
- (2) Féadfar, go háirithe, foráil a dhéanamh le rialacháin faoi *fho-alt (1)* maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) méideanna táillí, nó na modhanna chun táillí a ríomh;
  - (b) díolúintí ó tháillí a íoc;
  - (c) táillí a íoc, a bhailiú agus a ghnóthú;
  - (d) aisíocaíochtaí ar tháillí.
- (3) Ní fhéadfar táille a fhorordú le rialacháin faoi *fho-alt (1)* chun go mbeidh rochtain ag pearsa aonair ar fhaisnéis faoi *alt 15(5)* más rochtain de bhun an chéad iarratais arna dhéanamh ag an bpearsa aonair in aon bhliain an rochtain.
- (4) Féadfar foráil éagsúil a dhéanamh le rialacháin faoi *fho-alt (1)* i ndáil le cásanna éagsúla.
- (5) Féadfaidh an Banc comhshocraíochtaí a dhéanamh le haon duine i ndáil le táillí is iníoctha faoi rialacháin faoi *fho-alt (1)* a bhailiú; agus beidh méid aon táille is iníoctha amhlaidh inghnóthaithe, mar fhiach conartha shimplí trí imeachtaí i gcúirt dlínse inniúla, ag an mBanc nó ag aon duine a mbeidh comhshocraíochtaí den sórt sin déanta ag an Banc leis nó léi.

## CUID 5

## FORFHEIDHMIÚ

**Forfheidhmiú**

27. (1) Leasaítear Acht an Bhainc Cheannais, 1942, i gCuid 1 de Sceideal 2, tríd an méid seo a leanas a chur isteach—

“

Uimh. 45 de 2013	An tAcht um Thuairisciú Creidmheasa, 2013	An tAcht iomlán
------------------	---	-----------------

”.

- (2) Ní bheidh d'éifeacht leis an leasú a dhéantar le *fo-alt (1)* go mbeidh sé ina chúis go mbeidh duine ina sholáthraí rialáilte seirbhísí airgeadais nó ina soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais chun críocha Acht an Bhainc Cheannais, 1942, an Achta seo ná aon achtachán eile.
- (3) Má mheasann an Banc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag soláthraí faisnéise creidmheasa lena mbaineann an fo-alt seo aon oibleagáid a fhorchuirtear leis an Acht seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc a ordú don soláthraí faisnéise creidmheasa bearta sonrathite a dhéanamh chun an oibleagáid a chomhlíonadh.
- (4) Tá feidhm ag *fo-alt (3)* maidir le soláthraí faisnéise creidmheasa seachas—
- (a) soláthraí rialáilte seirbhísí airgeadais,
  - (b) GNBS, agus
  - (c) údarás áitiúil.
- (5) Má mheasann an Banc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag soláthraí faisnéise creidmheasa ordachán faoi *fho-alt (3)* a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte, agus féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas den sórt sin a fháil, ordú a dhéanamh lena gceanglófar ar an soláthraí faisnéise creidmheasa an t-ordachán a chomhlíonadh.
- (6) Má mheasann an Banc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag GNBS aon oibleagáid a fhorchuirtear leis an Acht seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc fógra a thabhairt don Aire, lena dtabharfar na cúiseanna atá aige chun é sin a mheas.
- (7) Ar fhógra a fháil faoi *fho-alt (6)*, féadfaidh an tAire a ordú do GNBS bearta sonrathite a dhéanamh chun an oibleagáid a chomhlíonadh agus déanfaidh GNBS an t-ordachán a chomhlíonadh.
- (8) Má mheasann an Banc go bhfuil mainneachtain déanta nó á déanamh ag údarás áitiúil aon oibleagáid a fhorchuirtear leis an Acht seo a chomhlíonadh, féadfaidh an Banc fógra a thabhairt don Aire agus don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, lena dtabharfar na cúiseanna atá aige chun é sin a mheas.

- (9) Ar fhógra a fháil faoi *fho-alt (8)*, féadfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a ordú don údarás áitiúil bearta sonraithe a dhéanamh chun an oibleagáid a chomhlíonadh agus déanfaidh an t-údarás áitiúil an t-ordachán a chomhlíonadh.

**Forfheidhmiú: forlíontach**

28. (1) Beidh éifeacht le forálacha ordacháin faoi *alt 27* ón dáta a shonrófar san ordachán i ndáil leo.
- (2) Déanfar na nithe seo a leanas a leagan amach in ordachán faoi *alt 27*—
- (a) téarmaí uile an ordacháin, lena n-áirítear aon dáta a shonrófar mar an dáta faoina mbeidh, nó aon tréimhse a shonrófar mar an tréimhse ar laistigh di a bheidh, aon fhoráil den ordachán le comhlíonadh, agus
- (b) aon fhoráil theagmhasach, fhorlíontach nó iarmhartach chun a áirithiú go gcomhlíonfar an t-ordachán go hiomlán.
- (3) Ar iarratas a fháil faoi *alt 27(5)*, féadfaidh an Ard-Chúirt cibé ordú eatramhach nó idirbhreitheach is cúí léi a dhéanamh.
- (4) Maidir le hordú faoi *fho-alt (3)*, féadfaidh a bheith ar áireamh ann ordú chun cibé bearta coimhdeacha nó teagmhasacha a dhéanamh is dóigh leis an Ard-Chúirt is cúí chun lánéifeacht a thabhairt don ordú.

**Cionta**

29. (1) Maidir le soláthraí faisnéise creidmheasa a sholáthróidh faisnéis a cheanglaítear leis an Acht seo agus a fhios aige nó aici í a bheith bréagach nó míthreorach, beidh cion déanta aige nó aici.
- (2) Maidir le soláthraí faisnéise creidmheasa a úsáidfidh faisnéis go feasach, a mbeidh rochtain tugtha uirthi faoin Acht seo, chun críche seachas an chríoch a cheadaítear leis an Acht seo, beidh cion déanta aige nó aici.
- (3) Maidir le duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear—
- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.
- (4) Más rud é, maidir le cion faoin alt seo a bheidh déanta ag comhlacht corpraithe, go gcruthófar go ndearnadh é le toiliú nó le cúlcheadú, nó gurb inchurtha é i leith aon fhaillí ar thaobh, aon duine ba stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó oifigeach eile de chuid an chomhlachta corpraithe, nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú i gcáil den sórt sin, beidh an cion déanta ag an duine sin (chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe) agus dlífear imeachtaí a thionscnamh ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú dá réir sin.



## CUID 6

## ILGHNÉITHEACH

**Cumhacht an Bhainc scóir chreidmheasa agus faisnéis a rinneadh anaithnid a tháirgeadh**

**30.** (1) Féadfaidh an Banc na nithe seo a leanas a tháirgeadh—

- (a) scóir chreidmheasa agus anailísí eile i ndáil le hábhair faisnéise creidmheasa, agus
- (b) tuarascálacha ginearálta, anailísí agus staidreamh nach féidir ábhair faisnéise creidmheasa a shainaithint uathu.

(2) Más rud é, maidir le haon ní arna tháirgeadh faoi *fho-alt (1)*, nach gcoinnítear é ar an gClár, féadfaidh an Banc é a dhíol nó é a fhoilsiú agus cóipeanna de a dhíol.

**Cuntasacht an Bhainc**

**31.** (1) Má iarrann Coiste den Oireachtas ar an nGobharnóir nó ar Cheannasaí Feidhme—

- (a) freastal os comhair an Choiste, agus
- (b) faisnéis a bhaineann le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an mBanc faoin Acht seo a sholáthar don Choiste,

láithreoidh an Gobharnóir nó an Ceannasaí Feidhme os comhair an Choiste agus (faoi réir *alt 32*) soláthróidh sé nó sí don Choiste cibé faisnéis a bhaineann comhlíonadh a fheidhmeanna ag an mBanc faoin Acht seo a cheanglóidh an Coiste.

(2) Maidir leis an tagairt i *bhfo-alt (1)* do Choiste den Oireachtas, is tagairt í do Choiste arna cheapadh ag ceachtar Teach nó ag an dá Theach i gcomhpháirt chun nithe a bhaineann leis an mBanc a scrúdú, agus folaíonn sí fochoiste de Choiste den sórt sin, ach ní fholáíonn sí an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann ná an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann.

**Toirmeasc ar nochtadh neamhúdairithe faisnéise**

**32.** (1) Ní nochtfaidh duine lena mbaineann an t-alt seo faisnéis faoi rún a bheidh faighte ag an mBanc i dtaca le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhainc faoin Acht seo.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le gach duine—

- (a) atá nó a bhí ina Ghobharnóir nó ina Gobharnóir,
- (b) atá nó a bhí ina chomhalta nó ina comhalta den Choimisiún,
- (c) atá nó a bhí ina Cheannasaí Feidhme nó ina Ceannasaí Feidhme,
- (d) arb é nó í nó arbh é nó í Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa é nó í,
- (e) atá nó a bhí ina oifigeach nó ina hoifigeach nó ina fhostaí nó ina fostaí nó ina ghníomhaire nó ina ghníomhaire de chuid an Bhainc,
- (f) atá nó a bhí ar fostú mar shainchomhairleoir nó mar iniúchóir nó in aon cháil eile ag an mBanc nó mar ghníomhaire de chuid an Bhainc.

(3) Ní choisceann *fo-alt (1)*—

- (a) faisnéis a nochtadh i gcomhlíonadh an Achta seo nó de réir mar a cheanglaítear nó a cheadaítear le dlí nó le haon achtachán seachas an tAcht seo,
- (b) faisnéis a nochtadh don Bhanc,
- (c) faisnéis a nochtadh ag an mBanc, nó thar a cheann, don Aire,
- (d) faisnéis a nochtadh don Choimisinéir Cosanta Sonraí, nó
- (e) faisnéis a nochtadh a d'fhéadfadh, i dtuairim duine lena mbaineann an t-alt seo, a nochtadh don Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, don Údarás Iomaíochta, do chomhalta den Gharda Síochána nó d'oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil cion indíotáilte déanta.

(4) Maidir le duine a sháróidh *fo-alt (1)*, beidh cion déanta aige nó aici.

(5) Maidir le duine a bheidh ciontach i gcion faoi *fho-alt (4)*, dlífeáir—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fineáil de chuid aicme A nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 12 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil, fineáil nach mó ná €30,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon, a chur air nó uirthi.

(6) San alt seo—

ciallaíonn “faisnéis faoi rún” faisnéis a mbeidh sé sainráite ag an mBanc ina leith go bhfuil sí faoi rún, maidir le faisnéis áirithe nó maidir le faisnéis d'aicme áirithe;

forléireofar “comhalta den Choimisiún” de réir alt 2(1) d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942.

#### **Cionta a ionchúiseamh**

**33.** Féadfaidh an Banc imeachtaí achoimre i leith cion faoi *alt 29* nó *32(4)* a thionscnamh agus a thabhairt ar aghaidh.

#### **Leasú ar alt 33AK d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942**

**34.** Leasaítear alt 33AK d'Acht an Bhainc Ceannais, 1942 i bhfo-alt (1)(h), trí “nó atá nó a bhíodh fostaithe ag an mBanc mar ghníomhaire” a chur isteach i ndiaidh “ag an mBanc”.

#### **Leasú ar alt 5 d'Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013**

**35.** Déileálfar le fo-ailt (2) agus (3) d'alt 5 d'Acht an Bhainc Ceannais (Maoirsiú agus Forfheidhmiú), 2013 mar fho-ailt a bhfuil éifeacht leo, agus a raibh éifeacht leo i gcónaí, ach “go 4” a chur in ionad “go 3” i ngach áit.